Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Samhain 2019
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0204(COD)**

14599/19
ADD 2

JUSTCIV 228
EJUSTICE 154
COMER 151
CODEC 1694

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9622/18 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha in ábhair shibhialta nó thráchtála a sheirbheáil sna Ballstáit (doiciméid a sheirbheáil)<br>- Cur chuige ginearálta<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ón Eastóin, ó Éirinn agus ón bPortaingéil le haghaidh mhiontuairiscí COREPER agus na Comhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile i ndáil leis an Rialachán maidir le doiciméid a sheirbheáil in ábhair shibhialta nó thráchtála**

Ceann de phríomhaidhmeanna an Rialacháin seo is ea éifeachtúlacht agus luas imeachtaí breithiúnacha a fheabhsú a thuilleadh, ar bhealach lena gcoinneofar agus lena bhfeabhsófar an leibhéal rochtana atá ann cheana ar an gceartas agus cosaint ceart cosanta in imeachtaí trasteorann, agus laghdú a dhéanamh ar na hualaí ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí atá bainteach le himeachtaí trasteorann, ar ualaí iad a eascraíonn as costais agus moilleanna míchuí. Féadfar sin a bhaint amach má úsáidtear forbairtí teicniúla agus modhanna leictreonacha ar bhealach níos fearr chun doiciméid nós imeachta a sheirbheáil in ábhair shibhialta agus in ábhair thráchtála.

Dá bhrí sin, is díol sásaimh do na sínitheoirí cuspóir an togra ón gCoimisiún agus an téacs comhréitigh ó Uachtaránacht na Fionlainne. Is iomaí gné den téacs comhréitigh ar féidir leis na sínitheoirí a bheith an-sásta léi.

Mar sin féin, fágann Airteagal 14a(2), a cheadaíonn do Bhallstát na coinníollacha a chur in iúl faoina nglacfaidh sé le doiciméid bhreithiúnacha a sheirbheáil ar dhaoine a bhfuil seoladh ar a chríoch trí ríomhphost, go bhfuil deis leathan ag na Ballstáit gan glacadh le seirbheáil trí ríomhphost ar a chríoch. Ní fhoráiltear go mbeidh aon teorainn leis na coinníollacha a fhéadfaidh na Ballstáit a shonrú, rud a fhágann go bhféadfaí agóid a dhéanamh ina choinne. D'fhonn cloí le príomhchuspóir an Rialacháin, tá sé ríthábhachtach cloí le prionsabal an neamh-idirdhealaithe freisin - ba cheart do na Ballstáit sin a ghlacann le ríomhphost mar mhodh bailí seirbheála go hinmheánach glacadh leis i gcásanna trasteorann chomh maith. Mura gcloífí le prionsabal an neamh-idirdhealaithe, chuirfí príomhchuspóir an Rialacháin i mbaol.

Is oth leis na sínitheoirí nach raibh dóthain ama ann tionchar na hagóide sin ar na himeachtaí breithiúnacha agus cearta na bpáirtithe a bhreithniú sular glacadh an cur chuige ghinearálta. Creidimid go bhfuil sé ríthábhachtach teacht ar réiteach níos fearr le linn na gcruinnithe tríthaobhacha a bheidh ann go luath le Parlaimint na hEorpa, réiteach ar fearr a mbainfí aidhm an togra ón gCoimisiún amach leis.